C/2024/5186

21.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11664 – COMPASS / DR HOLDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5186)

1. An 12 Lúnasa 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Compass Group PLC ('Compass'), grúpa atá corpraithe sa Ríocht Aontaithe;

— DR Holding ('DR Holding' an Fhrainc), faoi rialú Caisse Fédérale de Credit Mutuel (an Fhrainc).

Gheobhaidh Compass rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar DR Holding ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Compass seirbhísí bia seachfhoinsithe agus seirbhísí bia lamháltais i ndlínsí iomadúla ar fud an domhain, go háirithe sna Stáit Aontaithe agus san Eoraip,

— Is cuideachta sealbhaíochta é DR Holding agus soláthraíonn na cuideachtaí atá faoina chuimsiú seirbhísí lónadóireachta agus seirbhísí bia sa Fhrainc den chuid is mó agus sa Bheilg ar bhonn níos lú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11664 – COMPASS / DR HOLDING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.